Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**13376/22**

**CES 31**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 25 Bealtaine 2022, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle gur éirigh Patricia CÍREZ MIQUELEIZ as mar chomhalta de CESE[1].

2. I litir dar dáta an 19 Meán Fómhair 2022, chuir Rialtas na Spáinne Isabel YGLESIAS JULIÀ, *Jefa de Asuntos de la Unión Europea y delegada en la Unión Europea de la CEOE (Confederación Española de Organizaciones Empresariales)* (Ceann Ghnóthaí an Aontais agus Toscaire CEOE (Cónaidhm na Spáinne d'Eagraíochtaí Gnó) chuig an Aontas), ar aghaidh lena cheapadh mar chomhalta de CESE ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025[2].

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, ceapann an Chomhairle comhaltaí an Choiste tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

[1] 12845/22.
[2] 12893/22.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 12 Deireadh Fómhair 2022 agus thug sé tuairim fhabhrach uaidh an 10 Samhain 2022[3].

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 13378/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] C(2022) 7907.